Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Deireadh Fómhair 2017 (OR. en)**

**12829/17**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2016/0230 (COD)**

**CLIMA 257**
**ENV 797**
**AGRI 519**
**FORETS 36**
**ONU 122**
**CODEC 1504**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12330/17 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11494/16 - COM(2016) 479 Final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó thalamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat aeráide agus fuinnimh 2030 agus lena leasaítear Rialachán Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sásra chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (an chéad léamh)<br>- Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ag an gcruinniú a bhí aici ar an 23-24 Deireadh Fómhair 2014, tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú maidir le Creat 2030 i gcomhair beartais aeráide agus fuinnimh le haghaidh an Aontais Eorpaigh agus bhí sí i bhfabhar sprioc cheangailteach de chuid an Aontais le laghdú 40 % ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí intíre gás ceaptha teasa faoi 2030 i gcomparáid le 1990[1]. Léiríonn an sprioc sin an rannchuidiú beartaithe arna chinneadh go náisiúnta atá ag an Aontas Eorpach agus na Ballstáit, rannchuidiú a cuireadh faoi bhráid UNFCCC ar an 6 Márta 2015. Sna conclúidí ón gComhairle Eorpach tá treoir shonrach, *inter alia*, i ndáil leis an modheolaíocht atá le húsáid chun na spriocanna laghdaithe astaíochtaí náisiúnta le haghaidh 2030 a shocrú sna hearnálacha nach mbaineann trádáil astaíochtaí leo agus i ndáil le hinfhaighteacht agus le húsáid na n-ionstraimí solúbthachta sna hearnálacha sin.

2. Ar an 20 Iúil 2016, ghlac an Coimisiún dhá thogra reachtacha maidir leis an méid a chuireann na hearnálacha nach mbaineann trádáil astaíochtaí leo leis an iarracht fhoriomlán: maidir le laghduithe ceangailteacha astaíochtaí bliantúla gás ceaptha teasa a dhéanfaidh na Ballstáit ó 2021 go 2030 ('an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill')[2] agus maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó thalamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht a chur san áireamh i gCreat 2030 i gcomhair beartais aeráide agus fuinnimh ('Rialachán LULUCF')[3]. In éineacht leis an togra chun EU ETS a athbhreithniú, beartaíodh iad chun a áirithiú go mbainfear amach sprioc fhoriomlán an Aontais maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 agus gealltanais an Aontais agus na mBallstát faoi Chomhaontú Pháras.

3. Is é an aidhm atá le Rialachán LULUCF atá beartaithe, ar forbairt é ar na rialacha cuntasaíochta uile-Aontais atá ann cheana agus a leagtar sios i gCinneadh Uimh. 529/2013/AE, earnáil LULUCF a áireamh i gCreat 2030 i gcomhair beartais aeráide agus fuinnimh. Cuireann an togra de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú nach ndéantar, ar an iomlán, glan-astaíochtaí a ghiniúint in earnáil LULUCF ('riail do thoradh neodrach nó dearfach') agus leagtar amach ann rialacha nua cuntasaíochta d'earnálacha sonracha talamhúsáide. Tugtar isteach leis an togra chomh maith próiseas rialachais nua de chuid an Aontais chun na leibhéil tagartha a chinneadh maidir le bainistiú foraoisí.

---

1 EUCO 169/14
2 11483/16 + ADD 1 + ADD 2 + ADD 3.
3 11494/16 + ADD 1 + ADD 2 + ADD 3.

4. I bParlaimint na hEorpa, ceapadh Norbert LINS (EPP, DE) mar rapóirtéir don togra thar ceann Choiste ENVI. Ar an 13 Meán Fómhair 2017, ghlac Parlaimint na hEorpa 64 leasú ar an togra ón gCoimisiún.

5. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus Coiste na Réigiún a dtuairimí uathu ar an 14 Nollaig 2016 agus ar an 22-23 Márta 2017 faoi seach.

6. Ar leibhéal na Comhairle (Comhshaol), pléadh an togra ar an 19 Meitheamh 2017 ar a dhéanaí, i dteannta an togra maidir leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, ar bhonn tuarascáil ar dhul chun cinn[4].

7. Ar an 27 Meán Fómhair 2017, scrúdaigh Coiste na mBuanionadaithe an togra ar bhonn téacs comhréitigh ón Uachtaránacht[5] agus chomhaontaigh sé an togra a chur ar aghaidh chuig an gComhairle (Comhshaol) d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta ag an gcruinniú a bheidh aici ar an 13 Deireadh Fómhair 2017.

   Tar éis an phlé sin, is é an tátal a bhain an Uachtaránacht as gurb ionann an comhréiteach ón Uachtaránacht, mar atá sé faoi láthair, agus cothromaíocht íogair, agus gur ghá na príomh-shaincheisteanna atá fós gan réiteach, a bhaineann leis an tsolúbthacht maidir le talamh foraoise bainistithe, a réiteach ar an leibhéal polaitiúil.

---

4 9861/17.

5 12330/17

8. Dá réir sin, chinn an Uachtaránacht gan an téacs a choigeartú ach ar bhealach teoranta:

- rinneadh tuilleadh soiléirithe, i ndáil leis an leibhéil tagartha foraoise a shocrú, a áireamh sa téacs atá dírithe ar imthosca fíorshonracha tír-ghaolmhara (aithris 9 agus Iarscríbhinn IV);
- neartaíodh aithris 10 a bhaineann leis na forálacha maidir le "rialachas";
- neartaíodh an téacs in aithris 15 maidir le tuairisciú.

Tá leagan leasaithe an chomhréitigh ón Uachtaránacht leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo[6].

## II. AN STAID MAR ATÁ

9. Agus an plé ar bun maidir leis an togra, ba é an príomhphointe éagsúlachta i measc na mBallstát na rialacha cuntasaíochta do thalamh foraoise bainistithe agus go háirithe an tréimhse thagartha don leibhéal tagartha foraoise.

Tá roinnt Ballstát ag tacú leis an togra ón gCoimisiún go mbeadh leibhéal tagartha foraoise ann a bheadh bunaithe ar thréimhse stairiúil, iad ag rá gur fearr is féidir sláine chomhshaoil an togra a áirithiú ach an leibhéal sin a bheith ann ós rud é go n-eisiafaí tionchair ó bheartais a rinneadh le déanaí. Measann roinnt Ballstát eile, áfach, go mbeadh tréimhse stairiúil den sórt sin sách treallach agus sách mífhabhrach ós rud é gurb éagsúil iad imthosca náisiúnta ó Bhallstát amháin go Ballstát eile. Ba dheacair dóibh leanúint de na cleachtais maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí, a mbeadh mar thoradh orthu, i gcásanna áirithe, go méadófaí na rátaí saothraithe le hais na tréimhse tagartha. Rinne siad argóint ar son tréimhsí éagsúla, go leor acu ar son tréimhsí níos deireanaí, iad ag iarraidh go n-áireofaí beartais a bheidh ann amach anseo.

[6] Na moltaí nua ón Uachtaránacht, a rinneadh le hais an téacs roimhe seo, tá siad marcáilte **i gcló trom agus tá líne fúthu**. Cuirtear aon téacs a scriosadh in iúl le **[...]**. Sa téacs seo, cuirtear líne faoi na hathruithe a rinneadh roimhe seo ar an togra tosaigh ón gCoimisiún.

10. Chun bealach chun cinn a réiteach, moladh cur chuige eile ina gcoimeádfaí an togra ón gCoimisiún maidir leis an leibhéal tagartha foraoise (d'athrófaí an tréimhse tagartha go 2000-2009, áfach) agus, ag an am céanna, cheadófaí do na Ballstáit a gcuid astaíochtaí i gcás talamh foraoise bainistithe, a mbeadh cuntas déanta orthu, a laghdú go pointe áirithe. Níor leor an tacaíocht a bhí ann don chur chuige seo, áfach, toisc inter alia, gur éiligh líon an-mhór de na Ballstáit go ndéanfaí na rialacha cuntasaíochta, mar atá molta ag an gCoimisiún, a choimeád.

11. Mhol an Uachtaránacht ina dhiaidh sin go gcoimeádfaí na rialacha cuntasaíochta atá molta ag an gCoimisiún agus, dá réir sin, go gcuirfí leis an tsolúbthacht do na Ballstáit i bhfoirm solúbthacht maidir le talamh foraoise bainistithe. Leis an tsolúbthacht nua sin, cheadófaí do na Ballstát astaíochtaí a chúiteamh chun an gealltanas in Airteagal 4 (an "riail do thoradh neodrach nó dearfach") a chomhlíonadh.

    Tá úsáid na solúbthachta faoi réir coinníollacha áirithe chun a áirithiú go ndéanfar sláine chomhshaoil an togra a choimeád, inter alia nach gcuirfear i bhfeidhm é ach amháin má tá astaíochtaí agus aistrithe LULUCF cothrom san Aontas ina iomláine (coinníoll an Aontais do thoradh neodrach nó dearfach) agus go bhfuil nó go mbeidh bearta nithiúla curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit, faoi 2050 ar a dhéanaí, chun a áirithiú go ndéanfar linnte agus umair ó fhoraoisí a chaomhnú nó a fheabhsú, de réir mar is iomchuí. Ina theannta sin, ní féidir leis na Ballstáit cúiteamh a fháil ach amháin suas go dtí uasmhéid agus suas go dtí an leibhéal ag a nginfidh a bhforaoisí linn agus go dtí an leibhéal sin amháin. Ba cheart, leis na coinníollacha sin, go mbeadh dreasachtaí ag na Ballstáit a linn a chothabháil agus a fheabhsú thar thréimhse 10 mbliana Rialachán LULUCF.

Dá réir sin, tá méid seasta de chúiteamh ionchasach ar fáil do gach Ballstát, a bheidh bunaithe ar an linn a bhí acu ar an meán don tréimhse 2000 go 2009, ar féidir a úsáid thar an tréimhse 10 mbliana, rud a fhágann, go mbeidh solúbthacht agus intuarthacht ag na Ballstáit go pointe áirithe. Is ionann méideanna aonair an chúitimh agus coibhéis 360 Mt CO2 thar 10 mbliana ina iomláine, ábhairín níos lú ná 10% de linn iomlán an Aontais le linn thréimhse tagartha 2000 go 2009.

Mhéadófaí sciar coibhneasta na mBallstát de réir chumhdach agus méid a bhforaoisí.

12. Tar éis dianphlé a dhéanamh, ghlac na toscaireachtaí uile, mar bhonn chun teacht ar chomhaontú maidir le togra LULUCF, leis an gcur chuige an leibhéal tagartha foraoise a bhunú ar an tréimhse 2000 go 2009 agus solúbthacht a thabhairt do na Ballstáit i bhfoirm solúbthacht ar leithligh maidir le talamh foraoise bainistithe.

Tacaíonn tromlach an-mhór le hailtireacht fhoriomlán na solúbthachta nua. Shonraigh roinnt toscaireachtaí go háirithe gur príomheilimintí dóibh siúd é go gcoinneofar na rialacha cuntasaíochta atá beartaithe, an tréimhse tagartha stairiúil mar bhonn chun an leibhéal tagartha foraoise a shocrú, coinníoll an Aontais do thoradh neodrach nó dearfach agus eisiamh an dífhoraoisithe ón tsolúbthacht nua.

Tá líon suntasach de na toscaireachtaí réidh chun tacú leis an togra maidir le solúbthacht i ndáil le talamh foraoise bainistithe mar atá sé faoi láthair. Tá sé mar choinníoll ag cuid acu gan aon athrú breise a dhéanamh ar chothromaíocht ná ar eilimintí an chomhréitigh.

Mar sin féin, tá ábhair imní ag roinnt toscaireachtaí fós maidir le cuid de mhódúlachtaí na solúbthachta agus/nó méid iomlán an chúitimh. Go háirithe:

a) Tá forchoimeádais á gcoimeád ag líon áirithe de na toscaireachtaí maidir le <u>méid foriomlán an chúitimh</u> (Iarscríbhinn VII) mar a mhol an Uachtaránacht agus áitíonn siad gur cheart cúiteamh níos ísle a bheith ann. B'fhearr le cuid de na toscaireachtaí sin freisin go mbunófaí an cúiteamh ar linnte a bheidh ann amach anseo seachas ar linnte a bhí ann san am a chuaigh thart, á rá go mbeadh dreasacht níos fearr ann linnte a chothabháil agus a fheabhsú ach é sin a dhéanamh.

b) Tá forchoimeádais á gcoimeád ag roinnt toscaireachtaí eile maidir leis na critéir chun méid an chúitimh a ríomh, go sonrach an t-idirdhealú idir na Ballstáit bunaithe ar an limistéar foraoise agus ar an limistéar talún, á rá go bhfuil siad treallach agus éagórach. B'fhearr leo go ndéanfaí an dáileadh i measc na mBallstát ar bhealach níos líní. Chuir toscaireacht amháin moladh síos chuige sin, lena soláthrófaí do gach Ballstát 12% dá mheánlinn bhliantúil 2000-2009 mar chúiteamh, agus an rogha a bheith ann déine lománaithe íseal san am a chuaigh thart a chur leis mar chritéar breise dáileacháin freisin (faoi bhun mheán an Aontais). Thacaigh roinnt toscaireachtaí eile leis an moladh sin nó léirigh siad suim ann.

c) Is ábhar imní do roinnt toscaireachtaí fós é "coinníoll an Aontais do thoradh neodrach nó dearfach" (Airteagal 11a(2)(b)).

13. Áitíonn dhá thoscaireacht go bhfuil imthosca ar leith ag baint leo siúd agus, dá bhrí sin, nach dtugtar aghaidh go leordhóthanach, leis an gcomhréiteach atá á mholadh ag an Uachtaránacht faoi láthair, ar na fadhbanna atá acu.

(a) Luaigh toscaireacht amháin fadhbanna a bhaineann le dífhoraoisiú (go háirithe i ndáil leis an am atá caite). Tá clúdach foraoise an-ard ag an mBallstát sin agus, i ngeall ar imthosca geografacha eile, is beag an deis a bheidh aige tuilleadh foraoisithe a dhéanamh. Molann an toscaireacht go ndéanfar cúiteamh a cheadú i leith dífhoraoisiú faoi choinníollacha áirithe (clúdach foraoise os cionn 60% agus i leith dífhoraoisiú a tharla go dtí deireadh na bliana 2020) agus go ndéanfar a chúiteamh a mhéadú.

Tuigeann formhór na dtoscaireachtaí an togra go pointe áirithe cé nárbh fhéidir leo seasamh a ghlacadh ina leith ag an bpointe seo go fóill.

(b) Dúirt toscaireacht eile gur imir tarlú "tubaisteach" san am a chuaigh thart tionchar uirthi sa tréimhse thagartha, agus mhol sí gur cheart don Choimisiún a bheith in ann maolú ón tréimhse thagartha a dheonú nó gur cheart don Bhallstát cúiteamh níos airde a fháil.

Tá sé i gceist ag an Uachtaránacht, cf. thuas, aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a léiríodh trí níos mó soiléirithe a dhéanamh i ndáil leis na leibhéil tagartha foraoise a shocrú le go gcuirfear na tarluithe sin san áireamh.

14. D'fhonn freastal ar ábhair shonracha imní i ndáil le <u>struchtúr aoise foraoisí</u> a chur san áireamh agus an leibhéal tagartha foraoise á chinneadh, d'aontaigh an Coimisiún ráiteas a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha ábhartha.

## V. <u>**CONCLÚID**</u>

15. Iarrtar ar an gComhairle cur chuige ginearálta a ghlacadh ar bhonn an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

    Is éard a bheidh sa chur chuige ginearálta, sainordú na Comhairle don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa i gcomhthéacs an Ghnáthnós Imeachta Reachtaigh.

**IARSCRÍBHINN**

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó thalamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat aeráide agus fuinnimh 2030 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 […] agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[7],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[8],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Formhuiníodh sprioc ceangailteach de laghdú intíre 40 %, ar a laghad, ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair faoi 2030 i gcomparáid le 1990 sna […] conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23-24 Deireadh Fómhair 2014 maidir le creat beartais 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus rinneadh sin a athdhearbhú sna conclúidí ón gComhairle an 17-18 Márta 2016. […]

7 IO C […], […], lch. […].
8 IO C […], […], lch. […].

(2) Dúradh sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23-24 Deireadh Fómhair 2014 gur cheart don Aontas an sprioc a bhaint amach go comhpháirteach ar an mbealach is costéifeachtaí is féidir, sin laghduithe suas le 43 % agus 30 % faoi seach, in earnálacha an chórais trádála astaíochtaí ("EU ETS") a leagtar síos i dTreoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] agus in earnálacha nach mbaineann trádáil astaíochtaí leo, faoi 2030 i gcomparáid le 2005, agus na hiarrachtaí atá le déanamh á leithdháileadh ar bhonn OTI coibhneasta per capita.

(3) Tá an Rialachán seo mar chuid de chur chun feidhme ghealltanais an Aontais faoi Chomhaontú Pháras[10] a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ("UNFCCC"), a daingníodh thar ceann an Aontais ar an 5 Deireadh Fómhair 2016 i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle[11]. Tá na gealltanais a thug an tAontas maidir le laghduithe ar astaíochtaí ar fud an gheilleagair sa rannchuidiú atá beartaithe arna chinneadh go náisiúnta a chuir an tAontas agus a Bhallstáit faoi bhráid rúnaíocht Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ar an 6 Márta 2015 mar gheall ar Chomhaontú Pháras. Tháinig Comhaontú Pháras i bhfeidhm ar an 4 Samhain 2016. […]

(4) I gComhaontú Pháras, leagtar amach sprioc fhadtéarmach an méadú ar an teocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus leanúint de na hiarrachtaí é a choimeád faoi bhun 1.5°C. Chun an sprioc sin a bhaint amach, ba cheart do na Páirtithe rannchuidithe beartaithe comhleanúnacha arna gcinneadh go náisiúnta a ullmhú, a chur ar fáil agus a chaomhnú. Tá Comhaontú Pháras ag glacadh áit an chur chuige atá i bhfeidhm faoi Phrótacal Kyoto 1997 ach nach leanfar de i ndiaidh 2020. I gComhaontú Pháras iarrtar freisin cothromaíocht a bhaint amach idir astaíochtaí antrapaigineacha ag foinsí agus aistriú linnte gás ceaptha teasa sa dara leath den chéad seo, agus iarrtar ar Pháirtithe gníomh a dhéanamh chun linnte agus umair de gháis cheaptha teasa, foraoisí san áireamh, a chaomhnú agus a fheabhsú, de réir mar is iomchuí.

---

9 Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

10 Comhaontú Pháras (IO L 282, 19.10.2016, lch. 4).

11 Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 ar an gconclúid thar cheann an Aontais Eorpaigh ar Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ( IO L 282, 19.10.2016, lch 1).

(5) Ag Comhairle Eorpach an 23-24 Deireadh Fómhair 2014 admhaíodh […] ilchuspóirí na hearnála talmhaíochta agus talamhúsáide, leis an gcumas níos lú atá acu i dtaca le maolú chomh maith leis an ngá le comhsheasmhacht a choinneáil idir slándáil an tsoláthair bia san Aontas agus na cuspóirí maidir le hathrú aeráide. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun diansaothrú inbhuanaithe ar tháirgeadh bia a spreagadh, agus rannchuidiú na hearnála a bharrfheabhsú ag an am céanna do mhaolú agus do cheapadh gás ceaptha teasa, lena n-áirítear trí fhoraoisiú, agus d'iarr sí freisin beartas a bhunú ar an gcaoi le talamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht ('LULUCF') a chur san áireamh i gcreat 2030 maidir le gáis cheaptha teasa a mhaolú, a luaithe agus a bheidh na dálaí teicniúla ann chun é sin a dhéanamh agus roimh 2020 i gcás ar bith.

(6) Is féidir leis an earnáil LULUCF rannchuidiú le maolú ar an athrú aeráide ar roinnt bealaí, go háirithe trí astaíochtaí a laghdú, agus linnte agus stoic charbóin a choinneáil agus a fheabhsú. Chun go mbeidh bearta a bhfuil sé mar aidhm leo go háirithe ceapadh carbóin a mhéadú éifeachtach, tá cobhsaíocht agus inoiriúnaitheacht fhadtéarmach na linnte carbóin ríthábhachtach.

(7) I gCinneadh Uimh. 529/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], leagadh amach, mar chéad chéim, na rialacha cuntasaíochta is infheidhme maidir le hastaíochtaí agus le haistrithe […] ón earnáil LULUCF agus rannchuidigh sé ar an gcaoi sin leis an bhforbairt beartais i dtreo cuimsiú na hearnála LULUCF atá sa ghealltanas a thug an tAontas maidir le hastaíochtaí a laghdú. Ba cheart tógáil ar na rialacha cuntasaíochta atá ann cheana leis an Rialachán seo, á dtabhairt cothrom le dáta agus á bhfeabhsú don tréimhse 2021-2030. Ba cheart oibleagáidí na mBallstát maidir leis na rialacha cuntasaíochta sin a chur chun feidhme a leagan síos sa Rialachán, chomh maith leis an oibleagáid atá ann a áirithiú <u>nach</u> nginfear glan-astaíochtaí ón earnáil LULUCF fhoriomlán <u>agus go rannchuidítear leis an aidhm atá ann linnte a fheabhsú san fhadtéarma.</u> Níor cheart aon oibleagáidí cuntasaíochta ná tuairiscithe a leagan síos do pháirtithe príobháideacha leis an Rialachán.

---

**12** Cinneadh Uimh. 529/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le rialacha cuntasaíochta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus aistrithe a bhaineann le talamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht agus maidir le faisnéis i ndáil le gníomhaíochtaí a bhaineann leis na gníomhartha sin (IO L 165, 18.6.2013, lch. 80)

(8) Chun cuntais chruinne ar astaíochtaí agus aistrithe a chinneadh i gcomhréir le Treoirlínte 2006 ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide ('IPCC') d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa ('Treoirlínte IPCC'), ba cheart na luachanna arna dtuairisciú go bliantúil agus an tiontú idir catagóirí talamhúsáide faoi Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] a úsáid le haghaidh catagóirí talamhúsáide, chun sruthlíniú a dhéanamh dá réir sin ar an gcur chuige a úsáidtear faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus ar an gcur chuige a úsáidtear faoi Phrótacal Kyoto. Ba cheart a mheas go bhfuil talamh a thiontaítear go catagóir talamhúsáide eile ag aistriú de réir a chéile chuig an gcatagóir sin ar feadh an luacha réamhshocraithe de 20 bliain atá sna Treoirlínte IPCC. Athruithe a dhéantar sna Treoirlínte IPCC arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide nó ag Comhdháil na bPáirtithe ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras ba cheart iad a léiriú, mar is iomchuí, sna ceanglais tuairiscithe faoin Rialachán seo.

(9) Bíonn astaíochtaí agus aistrithe ó thalamh foraoise ag brath ar roinnt dálaí nádúrtha, […] ar thréithe dinimiciúla foraoise a bhaineann le haois, chomh maith le cleachtais bhainistíochta ón am a chuaigh thart agus ón am i láthair. Dá mbainfí úsáid as bonnbhliain, ní bheadh sé indéanta na fachtóirí sin, agus na hiarmhairtí timthriallacha ar astaíochtaí agus aistrithe a eascraíonn astu, ná a n-éagsúlacht idirbhliantúil, a léiriú. In ionad sin, ba cheart foráil a dhéanamh leis na rialacha cuntasaíochta ábhartha maidir le húsáid a bhaint as leibhéil thagartha, chun na hiarmhairtí atá ag tréithe nádúrtha agus ag tréithe a bhaineann go sonrach le tír ar leith a chur as an áireamh, **lena n-áirítear áitiú críche, imthosca cogaidh agus iarchogaidh a mbíonn tionchar acu ar an mbainistiú foraoise i rith na tréimhse tagartha.** […] Aon struchtúr foraoise atá míchothrom ó thaobh aoise, ba cheart é a chur san áireamh i leibhéil tagartha foraoise agus níor cheart srian gan chúis a chur ar a dhéine is a bheidh bainistiú foraoise sa todhchaí, agus é mar aidhm an linn charbóin fhadtéarmach a chothabháil nó a neartú.

[…]

13 Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le sásra chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun faisnéis eile atá ábhartha don athrú aeráide a thuairisciú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 280/2004/CE (IO L 165, 18.6.2013, lch. 13).

(9a) In éagmais an athbhreithnithe idirnáisiúnta faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide nó faoi Phrótacal Kyoto, ba cheart nós imeachta um athbhreithniú a bhunú chun trédhearcacht a áirithiú agus chun cáilíocht na cuntasaíochta sa chatagóir seo a fheabhsú.

(10) Nuair a dhéanann an Coimisiún measúnú […]ar na tuarascálacha cuntasaíochta maidir le foraoiseacht náisiúnta, lena n-áirítear na leibhéil tagartha foraoise a mholtar sna tuarascálacha sin, ba cheart dó tógáil ar an dea-chleachtas agus ar an saineolas atá sna athbhreithnithe saineolacha faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, lena n-áirítear i dtaca le rannpháirtíocht na saineolaithe náisiúnta […]. **Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go** mbeidh saineolaithe ó na Ballstáit rannpháirteach sa mheasúnú teicniúil faoinar cinneadh na leibhéil tagartha foraoise atá beartaithe i gcomhréir leis na [...] critéir agus leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo.

(11) Sna Treoirlínte IPCC atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta, sonraítear gur féidir cuntas mar nialas a thabhairt ar dhóchán bithmhaise san earnáil fuinnimh ar an gcoinníoll go dtugtar cuntas ar na hastaíochtaí sin san earnáil LULUCF. San Aontas […], tugtar cuntas ar astaíochtaí ó dhóchán bithmhaise mar nialas de bhun Airteagal 38 de Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún[14] agus de bhun na bhforálacha atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. 525/2013, dá bhrí sin ní dhéanfaí comhsheasmhacht leis na Treoirlínte IPCC a áirithiú ach amháin dá ndéanfaí na hastaíochtaí sin a […] léiriú go cruinn faoin Rialachán seo.

(12) Is féidir le méadú ar úsáid inbhuanaithe táirgí adhmaid lománaithe teorainn shuntasach a chur le hastaíochtaí gás ceaptha teasa isteach san atmaisféar, agus astaíochtaí na ngás sin ón atmaisféar a fheabhsú. Ba cheart a áirithiú leis na rialacha cuntasaíochta go léiríonn na Ballstáit go cruinn agus go trédhearcach sna cuntais na hathruithe ar linn na dtáirgí adhmaid lománaithe nuair a tharlaíonn na hathruithe sin, chun dreasachtaí a chur ar fáil d'úsáid bhreise a bhaint as táirgí adhmaid lománaithe a bhfuil timthriall saoil fada acu. Ba cheart don Choimisiún treoir a sholáthar ar cheisteanna modheolaíocha a bhaineann le cuntas a thabhairt ar tháirgí adhmaid lománaithe.

---

[14] Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2012 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 181, 12.7.2012, lch. 30).

(13) Féadfaidh suaitheadh nádúrtha, amhail falscaithe, fíniú le feithidí nó le galar, imeachtaí aimsire foircneacha agus suaitheadh geolaíoch atá nach bhfuil smacht, ná tionchar ábhartha, ag Ballstát orthu, féadfaidh siad go mbeidh astaíochtaí gás ceaptha teasa de chineál sealadach leo san earnáil LULUCF, nó féadfaidh siad aistrithe roimhe seo a chur ar gcúl. Toisc gur féidir céimeanna ar gcúl a bheith ann mar thoradh ar chinntí bainistíochta freisin, amhail cinntí crainn a bhaint nó a chur, ba cheart a áirithiú leis an Rialachán seo go dtugtar léiriú ar chéimeanna ar gcúl ar cinntí daoine is cúis leo go cruinn i gcónaí sna cuntais LULUCF. Ina theannta sin, ba cheart don Rialachán féidearthacht theoranta a sholáthar do na Ballstáit chun astaíochtaí ó shuaitheadh nach bhfuil smacht acu air a chur as an áireamh ina gcuid cuntas LULUCF. Níor cheart go mbeadh cuntasaíocht easnamhach mhíchuí ann mar thoradh ar an modh lena gcuireann Ballstáit na forálacha sin i bhfeidhm áfach.

(14) Ag brath ar na sainroghanna náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann beartais leordhóthanach náisiúnta a roghnú chun a gcuid gealltanas i dtaca le LULUCF a bhaint amach, lena n-áirítear an fhéidearthacht astaíochtaí ó chatagóir talún amháin a […] chothromú le haistrithe ó chatagóir talún eile. Ba cheart dóibh a bheith in ann glan-aistrithe a charnadh thar an tréimhse 2021-2030 freisin. Ba cheart don trádáil i measc na mBallstát leanúint ar aghaidh mar rogha bhreise nó mar mhalairt air sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann leas a bhaint as leithdháiltí astaíochtaí bliantúla a bhunaítear de bhun an Rialacháin [maidir le Comhroinnt Díchill] chun cabhrú leis an gcomhlíonadh faoin Rialachán seo. […]

(14a) De ghnáth, gintear linn le talamh foraoise a bhainistítear ar bhealach inbhuanaithe, agus cabhraíonn sin leis an athrú aeráide a mhaolú. I [...] dtréimhse tagartha 2000-2009, ba é choibhéis 372 mhilliún tona CO2 in aghaidh na bliana don Aontas ina iomláine an linn [...] a tuairiscíodh ar an meán [...]. Ba cheart do na Ballstáit caomhnú agus feabhsú na linnte agus umair foraoise, mar is iomchuí, a áirithiú, agus é mar aidhm cuspóir Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus na spriocanna uaillmhianacha a chomhlíonadh maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a laghdú faoi 2050.

(14b) [...] Aistrithe ó thalamh foraoise bainistithe, tugtar cuntas orthu in aghaidh [...] leibhéal tagartha foraoise atá réamhbhreathnaitheach. Bunaítear an linn a réamh-mheastar sa todhchaí ar thátal ó na cleachtais i leith bainistiú foraoise agus ó dhéine an bhainistithe foraoise le linn tréimhse thagartha. Is mar astaíochtaí a thugtar cuntas ar laghdú ar linn le hais an leibhéil tagartha. [...] Ba cheart imthosca sonracha náisiúnta agus cleachtais shonracha náisiúnta, amhail déine lománaithe níos ísle ná mar is gnách nó foraoisí atá ag dul in aois le linn na tréimhse thagartha, a chur san áireamh.

(14c) Mar sin de, ba cheart roinnt solúbthachta a thabhairt do Bhallstáit chun go mbeidh siad in ann a ndéine lománaithe a ardú ar bhonn sealadach i gcomhréir le cleachtais inbhuanaithe maidir le bainistiú foraoise i gcomhréir leis an gcuspóir a leagtar amach i gComhaontú Pháras ar an gcoinníoll nach mó na hastaíochtaí iomlána laistigh den Aontas ná na haistrithe san earnáil fhoriomlán LULUCF. Leis an tsolúbthacht sin, ba cheart méid bunúsach a thabhairt do na Ballstáit uile, agus é sin ríofa ar bhonn tosca cúitimh arna slánú mar chéatadán dá linn tuairiscithe sna blianta ó 2000 go 2009 chun cúiteamh a thabhairt i leith a n-astaíochtaí ó thalamh foraoise bainistithe, ar astaíochtaí a dtugtar cuntas orthu. Ba cheart a áirithiú nach féidir na Ballstáit a chúiteamh ach go dtí an leibhéal áirithe agus nach nginfidh a bhforaois linn a thuilleadh ar an leibhéal sin.

(14d) Bíonn na Ballstáit a bhfuil níos mó foraoisí iontu agus, go háirithe, iad siúd a bhfuil níos lú foraoisí iontu ag brath níos mó ar thalamh bainistithe foraoise chun astaíochtaí a chomhardú i gcatagóirí cuntasaíochta eile, agus mar sin de, beidh tionchar níos mó á imirt orthu siúd agus is teoranta a bheidh an acmhainneacht atá acu a gclúdach foraoise a ardú. Ba cheart an céatadán a ardú ar bhonn an chlúdaigh fhoraoise agus an limistéir talún ionas go dtabharfaí an céatadán is airde dá linn sa tréimhse thagartha do na Ballstáit a bhfuil limistéar talún beag agus cuid mhór clúdach foraoise acu le hais mheán an Aontais.

(15) **Chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstát chun a ngealltanas faoin Rialachán seo a chomhlíonadh agus chun trédhearcacht, cruinneas, comhsheasmhacht, iomláine agus inchomparáideacht na faisnéise faoi astaíochtaí agus aistrithe a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit na sonraí ábhartha fardail faoi gháis cheaptha teasa a chur ar fáil don Choimisiún.** Chun tuairisciú agus fíorú éifeachtach, trédhearcach agus costéifeachtach ar astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa agus ar fhaisnéis eile is gá chun comhlíonadh le gealltanais na mBallstát a mheasúnú, ba cheart ceanglais maidir le tuairisciú a chur san áireamh i Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 […], agus ba cheart na tuarascálacha sin a chur san áireamh sna seiceálacha ar chomhlíonadh faoin Rialachán seo. […]. Má tá sé ar intinn ag Ballstát [...] an tsolúbthacht maidir le talamh foraoise bainistithe a fheidhmiú, ba cheart dó an méid cúitimh [...] a bhfuil sé de rún aige a úsáid a lua sa tuarascáil ar chomhlíonadh.

(15a) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 a leasú dá réir.

(15b) Ba cheart feidhm i gcónaí a bheith ag Cinneadh Uimh. 529/2013/AE maidir leis na hoibleagáidí cuntasaíochta agus tuairiscithe don tréimhse chuntasaíochta ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2020. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na tréimhsí cuntasaíochta ón 1 Eanáir 2021.

(15c) Ba cheart Cinneadh Uimh. 529/2013/AE a leasú dá réir.

(16) Ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil cúnamh a thabhairt don Choimisiún, de réir mar is iomchuí i gcomhréir lena chlár oibre bliantúil, leis an gcóras de thuairisciú bliantúil ar astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa, leis an measúnú ar fhaisnéis maidir le beartais agus bearta agus réamh-mheastacháin náisiúnta, leis an meastóireacht ar bheartais agus bearta breise atá beartaithe, agus leis na seiceálacha ar chomhlíonadh a dhéanann an Coimisiún faoin Rialachán seo.

(17) Chun sonraí a bhailiú agus an mhodheolaíocht a fheabhsú, ba cheart fardal a dhéanamh, agus tuairisciú a dhéanamh, ar thalamhúsáid ag baint úsáide as rianú geografach ar gach limistéar talún, a fhreagraíonn do na córais náisiúnta […] um bailiú sonraí agus do chórais an Aontais um bailiú sonraí. Ba cheart an úsáid is fearr [...] a bhaint as na cláir agus as na suirbhéanna atá ag an Aontas agus ag na Ballstáit cheana féin […] le haghaidh bailiú sonraí. Ba cheart don bhainistiú sonraí, lena n-áirítear comhroinnt sonraí chun iad a athúsáid agus a scaipeadh le haghaidh tuairisciú, bheith ag teacht le Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15] […].

(18) Chun foráil a dhéanamh maidir le cuntas iomchuí a thabhairt ar idirbhearta faoin Rialachán seo, lena n-áirítear solúbthacht a úsáid agus comhlíonadh ar rianú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le hoiriúnú teicniúil ar shainmhínithe, lena n-áirítear na luachanna íosta maidir leis an sainmhíniú ar fhoraoisí, liostaí gás ceaptha teasa agus linnte carbóin, […] […], cuntas a thabhairt ar idirbhearta agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gceanglas maidir leis an modheolaíocht agus le faisnéis i ndáil le suaitheadh nádúrtha. Ba cheart na forálacha is gá a bheith in aon ionstraim amháin ina gcomhcheanglófaí na forálacha cuntasaíochta a dhéantar i dTreoir 2003/87/CE, i Rialachán Uimh. (AE) 525/2013, sa Rialachán [maidir le Comhroinnt Díchill] […] agus sa Rialachán seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar na cruinnithe a bheidh ag grúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[15] Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

(18a) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú i dtaca leis [...] na forálacha maidir le cuntas á thabhairt ag na Ballstáit ar thalamh bainistithe foraoise [...], ba cheart cumhacht chur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún leibhéil tagartha foraoise na mBallstát a leagan síos don tréimhse ó 2021 go 2025 agus don tréimhse ó 2026 go 2030 faoi seach. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16]. […]

(19) Ba cheart an Rialachán seo a athbhreithniú in 2024 agus […] in 2029 chun a fheidhmiú foriomlán a mheas. Ba cheart an t-athrú atá ag teacht ar imthosca náisiúnta a chur san áireamh, inter alia, san athbhreithniú chomh maith leis na torthaí ó Idirphlé Éascaitheach 2018 agus ón Stocáireamh Domhanda faoi Chomhaontú Pháras.

(20) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, go háirithe gealltanais na mBallstát a leagan amach maidir le LULUCF le go mbainfear amach sprioc an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú sa tréimhse 2021 go 2030, a ghnóthú go leordhóthanach ach gur féidir, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

16 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leagtar amach sa Rialachán seo gealltanais na mBallstát maidir le talamhúsáid, le hathrú ar thalamhúsáid agus le foraoiseacht ('LULUCF') a chuidíonn le sprioc an Aontais i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a bhaint amach don tréimhse 2021 go 2030, chomh maith leis na rialacha lena ríomhfar astaíochtaí agus aistrithe ó thalamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht agus lena seiceálfar comhlíonadh na ngealltanas seo i measc na mBallstát.

*Airteagal 2*

**Raon feidhme**

1. Baineann an Rialachán seo le hastaíochtaí agus aistrithe na ngás ceaptha teasa atá liostaithe i Roinn A d'Iarscríbhinn I […], mar a thuairiscítear de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 a tharlaíonn in aon cheann de na catagóirí cuntasaíochta talún seo a leanas ar chríocha na mBallstát sa tréimhse ó 2021 go 2030:

   (a) talamh foraoisithe: talamhúsáid a tuairiscíodh mar thalamh curaíochta, féarthailte, bogaigh, lonnaíochtaí agus talamh eile atá tiontaithe go talamh foraoise;

   (b) talamh dífhoraoisithe: talamhúsáid a tuairiscíodh mar fhoraois a tiontaíodh go talamh curaíochta, féarthailte, bogaigh, lonnaíochtaí agus talamh eile;

   (c) talamh curaíochta bainistithe: talamhúsáid a tuairiscíodh mar thalamh curaíochta a fhanann mar thalamh curaíochta agus féarthailte, bogach, lonnaíochtaí, talamh eile a tiontaíodh go talamh curaíochta agus talamh curaíochta a tiontaíodh go bogach, lonnaíocht agus talamh eile;

   (d) féarthailte bainistithe: talamhúsáid a tuairiscíodh mar fhéarthalamh a fhanann mar fhéarthalamh agus talamh curaíochta, bogach, lonnaíocht, talamh eile a tiontaíodh go féarthalamh agus féarthalamh a tiontaíodh go bogach, lonnaíocht agus talamh eile;

   (e) talamh bainistithe foraoise: talamhúsáid a tuairiscíodh mar thalamh foraoise a fhanann mar thalamh foraoise.

2. Féadfaidh Ballstát […] astaíochtaí agus aistrithe na ngás ceaptha teasa atá liostaithe i Roinn A d'Iarscríbhinn I […], mar a thuairiscítear de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 a tharlaíonn sa chatagóir chuntasaíochta ar a dtugtar bogach bainistithe […] (talamhúsáid a tuairiscíodh mar bhogach a fhanann mar bhogach, agus lonnaíocht, talamh eile a tiontaíodh go bogach agus talamh bogach a tiontaíodh go lonnaíocht agus talamh eile), ar a chríoch, a chur san áireamh i raon feidhme a ghealltanais de bhun Airteagal 4 den Rialachán seo. […] Baineann an Rialachán seo leis na hastaíochtaí agus na haistrithe sin a chuireann Ballstát san áireamh freisin.

3. I gcás go bhfuil sé ar intinn ag Ballstát bogach bainistithe a chur san áireamh i gcomhréir le mír 2, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún i ndáil leis sin faoin 31 Nollaig 2020 don tréimhse ó 2021 go 2025 agus faoin 31 Nollaig 2025 don tréimhse ó 2026 go 2030.

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[…]

(a) ciallaíonn 'linn' aon phróiseas, gníomhaíocht nó sásra lena n-aistrítear gás ceaptha teasa, aerasól, nó réamhtheachtaí gáis ceaptha teasa ón atmaisféar;

(b) ciallaíonn 'foinse' aon phróiseas, gníomhaíocht nó sásra lena scaoiltear gás ceaptha teasa, aerasól, nó réamhtheachtaí gáis ceaptha teasa isteach san atmaisféar;

(c) ciallaíonn 'stoc carbóin' an mhais charbóin atá stóráilte i linn charbóin;

(d) ciallaíonn 'linn charbóin' cuid de ghné bhithgheoiceimiceach nó de chóras bithgheoiceimiceach nó iomlán gné nó córais den sórt sin laistigh de chríoch Ballstáit ina stóráiltear carbón, aon réamhtheachtaí gáis cheaptha teasa ina bhfuil carbón nó aon ghás ceaptha teasa ina bhfuil carbón;

(e) ciallaíonn 'táirge adhmaid lománaithe' aon táirge ó lománú adhmaid a d'fhág suíomh ina lománaítear adhmad;

(f) ciallaíonn 'foraois' limistéar talún atá sainithe ag na híosluachanna le haghaidh mhéid an limistéir, le haghaidh chumhdach mhullaí na gcrann nó leibhéal stocála coibhéiseach, agus le haghaidh an airde a d'fhéadfadh a bheith ag na crainn agus iad aibí san áit ina bhfuil siad ag fás mar a shonraítear do gach Ballstát in […] Iarscríbhinn II. Cuimsítear leis limistéir ina bhfuil crainn, lena n-áirítear grúpaí de chrainn óga nádúrtha atá ag fás, nó plandálacha nach bhfuil na híosluachanna do chumhdach mhullaí na gcrann nó leibhéal stocála coibhéiseach nó íos-airde na gcrann mar a shonraítear in […] Iarscríbhinn II bainte amach acu fós, lena n-áirítear aon limistéar ar cuid den limistéar foraoise é de ghnáth ach nach bhfuil aon chrann ann go sealadach mar thoradh ar idirghabháil dhaonna, amhail lománú, nó mar thoradh ar chúiseanna nádúrtha, ach ar féidir a bheith ag súil leis go ndéanfaidh sé foraois arís;

(fa) ciallaíonn 'leibhéal tagartha foraoise' meastachán ar na glan-astaíochtaí nó glan-aistrithe bliantúla ar an meán atá mar thoradh ar thalamh foraoise bainistithe laistigh de chríoch an Bhallstáit sa tréimhse ó 2021 go 2025 agus ó 2026 go 2030 bunaithe ar na critéir a leagtar amach sa Rialachán seo; sloinntear an leibhéal tagartha foraoise i gcoibhéis tonaí CO2 in aghaidh na bliana;

(fb) ciallaíonn 'luach leathbhliana' líon na mblianta a thógtar chun méid an charbóin atá stóráilte i gcatagóir táirgí adhmaid lománaithe a laghdú go dtí leath dá luach tosaigh;

[…]

(g) ciallaíonn 'suaitheadh nádúrtha' aon teagmhas neamh-antrapaigineach nó aon imthosca neamh-antrapaigineacha lena gcruthaítear astaíochtaí móra i bhforaoisí agus nach bhfuil smacht ag an mBallstát ábhartha orthu, ar an gcoinníoll nach bhfuil sé ar chumas an Bhallstáit go hoibiachtúil tionchar na dteagmhas nó na himthosca ar astaíochtaí a theorannú go suntasach, fiú tar éis dóibh tarlú;

(h) ciallaíonn 'ocsaídiú ar an toirt' an modh cuntasaíochta lena dtoimhdítear go scaoiltear isteach san atmaisféar tráth an lománaithe an carbón ar fad atá stóráilte i dtáirgí adhmaid lománaithe.

2. Tugtar de chumhacht […] don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14, na sainmhínithe atá i mír 1 a leasú nó a scriosadh, nó sainmhínithe nua a chur leis, chun mír 1 a chur in oiriúint d'fhorbairtí eolaíochta nó do dhul chun cinn teicniúil agus chun a áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht idir na sainmhínithe sin agus aon athruithe ar na sainmhínithe ábhartha i dTreoirlínte […] IPCC d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa ('Treoirlínte IPCC') arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide nó ag Comhdháil na bPáirtithe ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras.

*Airteagal 4*

**Gealltanais**

Don tréimhse ó 2021 go 2025 agus ó 2026 go 2030, agus an tsolúbthacht dá bhforáiltear in Airteagal 11 agus Airteagal 11a á cur san áireamh, áiritheoidh gach Ballstát nach mó na hastaíochtaí ná na haistrithe, arna ríomh mar shuim na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe iomlána ar a gcríoch sna catagóirí cuntasaíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2 le chéile, de réir an chuntais i gcomhréir leis an Rialachán seo.

*Airteagal 5*

**Rialacha ginearálta cuntasaíochta**

1. Ullmhóidh agus coinneoidh gach Ballstát cuntas a léiríonn go cruinn na hastaíochtaí agus na haistrithe a bhíonn ann mar thoradh ar na catagóirí cuntasaíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2. Áiritheoidh na Ballstáit cruinneas, iomláine, comhsheasmhacht, inchomparáideacht agus trédhearcacht a gcuid cuntas agus aon sonraí eile a chuirtear ar fáil faoin Rialachán seo. Úsáidfidh na Ballstáit comhartha dearfach (+) le seasamh d'astaíochtaí agus comhartha diúltach (-) le seasamh d'aistrithe.

2. Cuirfidh Ballstáit cosc ar aon áireamh dúbailte ar astaíochtaí agus ar aistrithe, go háirithe trína […] áirithiú nach ndéanfar astaíochtaí ná aistrithe a áireamh faoi níos mó ná catagóir cuntasaíochta talún amháin.

3. Aistreoidh Ballstáit talamh foraoise, talamh curaíochta, féarthalamh, bogach, lonnaíochtaí agus talamh eile de réir a chéile ón gcatagóir den talamh den sórt sin a tiontaíodh go talamh de chineál eile chuig an chatagóir den talamh den sórt sin a fhanann mar an cineál céanna talún 20 bliain tar éis dáta an tiontaithe.

4. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh sna cuntais atá acu do gach catagóir cuntasaíochta talún aon athrú ar stoc carbóin na linnte carbóin atá liostaithe i Roinn B d'Iarscríbhinn I […]. Féadfaidh Ballstáit rogha a dhéanamh gan athruithe sna stoic charbóin a chur san áireamh ina gcuid cuntas le haghaidh linnte carbóin sa chás nach bhfuil an linn charbóin ina foinse, ach amháin i gcás bith-mhais os cionn na talún agus táirgí adhmaid lománaithe ar thalamh foraoise bainistithe.

5. Coinneoidh na Ballstáit taifead iomlán agus cruinn de na sonraí ar fad a úsáidtear agus a gcuntais á n-ullmhú acu.

6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14 chun Iarscríbhinn 1 a leasú chun na hathruithe sna Treoirlínte IPCC arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide nó ag Comhdháil na bPáirtithe ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras a léiriú.

*Airteagal 6*

**Cuntas a thabhairt ar thalamh foraoisithe agus ar thalamh dífhoraoisithe**

1. Tabharfaidh na Ballstáit cuntas ar astaíochtaí agus ar aistrithe mar thoradh ar thalamh foraoisithe agus talamh dífhoraoisithe, mar na hastaíochtaí agus na haistrithe iomlána do gach ceann de na blianta sa tréimhse ó 2021 go 2025 agus sa tréimhse ó 2026 go 2030.

2. De mhaolú ar an gceanglas an luach réamhshocraithe arna bhunú faoi Airteagal 5(3) a chur i bhfeidhm, féadfaidh Ballstát talamh curaíochta, féarthalamh, bogach, lonnaíochtaí agus talamh eile a aistriú ón gcatagóir den talamh den sórt sin a tiontaíodh go talamh foraoise go dtí catagóir na talún foraoise a fhanann mar thalamh foraoise tar éis 30 bliain ó dháta an tiontaithe má […] tá údar maith leis sin i gcomhréir le Treoirlínte IPCC.

3. Sna ríomhanna le haghaidh astaíochtaí agus aistrithe ar thalamh foraoisithe agus ar thalamh dífhoraoisithe, cinnfidh gach Ballstát an limistéar foraoise ag úsáid […] na paraiméadair […] atá sonraithe in […] Iarscríbhinn II.

*Airteagal 7*

**Cuntas a thabhairt ar thalamh curaíochta bainistithe, féarthalamh bainistithe agus bogach bainistithe**

1. Tabharfaidh na Ballstáit cuntas ar astaíochtaí agus aistrithe atá mar thoradh ar thalamh curaíochta bainistithe arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe sa tréimhse ó 2021 go 2025 agus sa tréimhse ó 2026 go 2030 lúide an luach a fhaightear ó mheán-astaíochtaí agus meán-aistrithe bliantúla an Bhallstáit mar thoradh ar thalamh curaíochta bainistithe sa bhuntréimhse ó 2005 go 2009 a iolrú faoi chúig.

2. Tabharfaidh na Ballstáit cuntas ar astaíochtaí agus ar aistrithe atá mar thoradh ar fhéarthalamh bainistithe arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe sa tréimhse ó 2021 go 2025 agus sa tréimhse ó 2026 go 2030 lúide an luach a fhaightear ó mheán-astaíochtaí agus meán-aistrithe bliantúla an Bhallstáit mar thoradh ar fhéarthalamh bainistithe sa bhuntréimhse ó 2005 go 2009 a iolrú faoi chúig.

3. […]

4. Na Ballstáit a chuireann bogach bainistithe […] san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 2, tabharfaidh siad cuntas ar astaíochtaí agus aistrithe atá mar thoradh ar fhéarthalamh bainistithe arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe sa tréimhse ó 2021 go 2025 agus/nó sa tréimhse ó 2026 go 2030 lúide an luach a fhaightear ó mheán-astaíochtaí agus meán-aistrithe bliantúla an Bhallstáit mar thoradh ar fhéarthalamh bainistithe sa bhuntréimhse ó 2005 go 2009 a iolrú faoi chúig.

*Airteagal 8*

**Cuntas a thabhairt ar thalamh foraoise bainistithe**

1. Tabharfaidh na Ballstáit cuntas ar astaíochtaí agus ar aistrithe atá mar thoradh ar thalamh foraoise bainistithe arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe sa tréimhse ó 2021 go 2025 agus sa tréimhse ó 2026 go 2030 lúide an luach a fhaightear trí leibhéal tagartha foraoise an Bhallstáit lena mbaineann […] a iolrú faoi chúig.

2. Sa chás go bhfuil toradh na ríofa dá dtagraítear i mír 1 diúltach i dtaca le leibhéal tagartha foraoise Ballstáit, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann, glan-aistrithe iomlána nach mó iad na coibhéiseach 3,5 % d'astaíochtaí an Bhallstáit sin ina bhonnbhliain nó i dtréimhse arna sonrú in Iarscríbhinn III, arna iolrú faoi chúig, a chur san áireamh ina chuntais ar thalamh foraoise bainistithe. […] Ní bheidh glan-aistrithe atá mar thoradh ar linn charbóin na dtáirgí adhmaid lománaithe ar thalamh foraoise bainistithe faoi réir an tsriain seo.

[…]

3. Cinnfidh na Ballstáit a […] leibhéal tagartha foraoise nua bunaithe ar na critéir atá leagtha amach i […] Roinn A d'Iarscríbhinn IV […]. Cuirfidh siad tuarascáil […] chuntasaíochta maidir le foraoiseacht náisiúnta ina mbeidh an leibhéal tagartha foraoisí […] atá beartaithe faoi bhráid an Choimisiúin faoin [31 Nollaig 2018][17] don tréimhse ó 2021 go 2025 agus faoin 30 Meitheamh 2023 don tréimhse ó 2026 go 2030. Beidh gach ceann de na gnéithe atá liostaithe i Roinn [...] B d'Iarscríbhinn IV […] sa tuarascáil chuntasaíochta maidir le foraoiseacht náisiúnta.

4. Bunófar an leibhéal tagartha foraoise ar leanúint ar aghaidh leis [...] an gcleachtas agus déine atá ann faoi láthair maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí, mar atá doiciméadaithe idir 2000-2009 […] ag féachaint do thréithe dinimiciúla foraoise a bhaineann le haois i bhforaoisí náisiúnta[…]. Chun an leibhéal tagartha foraoise a chinneadh, glacfar le cóimheas seasta idir úsáid sholadach agus úsáid fhuinniúil a bhaint as bithmhais fhoraoise mar atá doiciméadaithe sa tréimhse ó 2000 go 2009.

[...] Léireoidh na Ballstáit comhsheasmhacht idir na modhanna agus na sonraí a úsáidtear chun [...] an leibhéal tagartha foraoise atá beartaithe […] a chinneadh sa tuarascáil chuntasaíochta maidir le foraoiseacht náisiúnta agus iad sin a úsáidtear sa tuairisciú don talamh foraoise bainistithe. […].

[17] Ba cheart an dáta a chinneadh ag tráth níos déanaí, ag féachaint don dáta a nglacfar an dréachtrialachán.

5. Déanfaidh an Coimisiún, [...] i gcomhairle le saineolaithe [...] a cheapfaidh na Ballstáit, measúnú teicniúil ar na tuarascálacha cuntasaíochta maidir le foraoiseacht a thíolacfaidh na Ballstáit i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo [...] d'fhonn measúnú a dhéanamh [...] ar a mhéid ar cinneadh na leibhéil tagartha foraoise atá beartaithe i gcomhréir leis na prionsabail agus leis na ceanglais a leagtar amach i mír 3 agus i mír 4 den Airteagal seo, agus in Airteagal 5(1) freisin. […] Foilseoidh an Coimisiún achoimre ar an obair atá déanta, lena n-áirítear na tuairimí a chuir na saineolaithe a cheap na Ballstáit in iúl, chomh maith leis na conclúidí a ghabhann leis sin.

Féadfaidh an Coimisiún […] moltaí teicniúla a dhéanamh do na Ballstáit ina léireofar conclúidí an […] mheasúnaithe theicniúil le gur féidir an t-athbhreithniú teicniúil a dhéanamh ar na leibhéil tagartha foraoise atá beartaithe […]. Foilseoidh an Coimisiún na moltaí teicniúla […].

5a. I gcás inar gá, bunaithe ar na measúnuithe teicniúla agus, i gcás inar iomchuí, ar na moltaí teicniúla, cuirfidh na Ballstáit [...] a leibhéil tagartha foraoise athbhreithnithe atá beartaithe faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2019 don tréimhse ó 2021 go 2025 agus faoin 30 Meitheamh 2024 don tréimhse ó 2026 go 2030. Foilseoidh an Coimisiún na leibhéil tagartha foraoise atá beartaithe a chuirfidh na Ballstáit in iúl.

6. Bunaithe ar [...] na leibhéil tagartha foraoise atá beartaithe a thíolacfaidh na Ballstáit, glacfaidh an Coimisiún [...], i bhfianaise [...] an mheasúnaithe theicniúla arna dhéanamh de bhun mhír 5 agus an leibhéal tagartha foraoise atá beartaithe a tíolacadh faoi mhír 5a á chur san áireamh, gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos [...] na leibhéil tagartha foraoise a chuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm don tréimhse ó 2021 go 2025 agus don tréimhse ó 2026 go 2030. […]

7. […] Mura gcuireann Ballstát a [...] leibhéal tagartha foraoise faoi bhráid an Choimisiúin faoi na dátaí a shonraítear i mír 3 agus, más infheidhme, i mír 5a, glacfaidh an Coimisiún [...] gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos [...] an leibhéal tagartha foraoise a chuirfidh an Ballstát sin i bhfeidhm don tréimhse ó 2021 go 2025 agus don tréimhse ó 2026 go 2030, i bhfianaise aon mheasúnú teicniúil arna dhéanamh de bhun mhír 5.

7a. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 6 agus i mír 7 den Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14a […] faoin 31 Nollaig 2020 don tréimhse ó 2021 go 2025 agus faoin 30 Meitheamh 2025 don tréimhse ó 2026 go 2030.

7b. Chun comhsheasmhacht, dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 4 den Airteagal seo, a áirithiú, cuirfidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, ceartúcháin theicniúla, nach n-éilítear leasuithe ar na gníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar de bhun na míreanna sin roimhe seo leo, faoi bhráid an Choimisiúin, ar a dhéanaí faoi na dátaí dá dtagraítear in Airteagal 12 (1).

*Airteagal 9*

**Cuntas a thabhairt ar tháirgí adhmaid lománaithe**

1. I gcomhréir leis na cuntais de bhun Airteagal 6(1) agus Airteagal 8(1) a bhaineann le táirgí adhmaid lománaithe, léireoidh Ballstáit astaíochtaí agus aistrithe mar thoradh ar an linn táirgí adhmaid lománaithe a thagann laistigh de na catagóirí seo a leanas ag baint úsáid as an bhfeidhm lobhadh chéad ord, na modheolaíochtaí agus na luachanna leathré réamhshocraithe a shonraítear in Iarscríbhinn V:

(a) páipéar;

(b) painéil adhmaid;

(c) adhmad sáfa.

2. Féadfaidh na Ballstáit cur leis na catagóirí sin le faisnéis maidir le táirgí eile atá bunaithe ar ábhar adhmaid, lena n-áirítear coirt, ar an gcoinníoll go mbeidh na sonraí a bheidh ar fáil trédhearcach agus infhíoraithe.

[…]

*Airteagal 10*

**Cuntas a thabhairt ar shuaitheadh nádúrtha**

1. […] Maidir leis an tréimhse ó 2021 go 2025 agus an tréimhse ó 2026 go 2030, féadfaidh Ballstáit a fhágáil as a gcuid cuntas le haghaidh talamh foraoisithe agus talamh foraoise bainistithe astaíochtaí gás ceaptha teasa mar thoradh ar shuaitheadh nádúrtha a sháraíonn na meán-astaíochtaí arna gcruthú ag suaitheadh nádúrtha sa tréimhse ó […] 1997-2016, asluitigh staidrimh as an áireamh ('leibhéal cúlra') arna ríomh i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hIarscríbhinn VI.

2. I gcás ina gcuirfidh Ballstát mír 1 i bhfeidhm, déanfaidh sé an méid a leanas:

a) cuirfidh sé faisnéis faoin leibhéal cúlra do gach catagóir cuntasaíochta talún arna cinneadh i mír 1 agus faoi na sonraí agus na modheolaíochtaí a úsáideadh i gcomhréir le hIarscríbhinn VI faoi bhráid an Choimisiúin, agus

b) […] cuirfidh sé as an áireamh sa chuntasaíocht gach aistriú ina dhiaidh sin ar an talamh a raibh tionchar ag suaitheadh nádúrtha air go dtí 2030.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14 chun Iarscríbhinn VI a leasú chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ceanglais mhodheolaíochta agus faisnéise atá san Iarscríbhinn sin […], chun na hathruithe sna Treoirlínte IPCC arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide nó ag Comhdháil na bPáirtithe ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras a léiriú.

### *Airteagal 10a*

### **Solúbthachtaí**

1. Féadfaidh Ballstát leas a bhaint as:
   (a) na solúbthachtaí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 11; agus
   (b) an tsolúbthacht maidir le talamh foraoise bainistithe a leagtar amach in Airteagal 11a chun an ceanglas in Airteagal 4 a chomhlíonadh.

2. Mura bhfuil na ceanglais maidir le faireachán a leagtar síos i bpointe (da) d'Airteagal 7(1) […] de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 á gcomhlíonadh ag Ballstát, cuirfidh an Riarthóir Lárnach atá ainmnithe faoi Airteagal 20 de Threoir 2003/87/EC ("an Riarthóir Lárnach") toirmeasc sealadach ar an mBallstát sin aistriú nó cur i dtaisce a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) nó 11(3) nó leas a bhaint as an tsolúbthacht de bhun Airteagal 11a[18].

### *Airteagal 11*

### Solúbthachtaí ginearálta

1. I gcás gur mó na hastaíochtaí iomlána ná na haistrithe i mBallstát agus gur roghnaigh an Ballstát sin a sholúbthacht a úsáid agus gur iarr sé na leithdháiltí bliantúla astaíochta faoin Rialachán [maidir le Comhroinnt Díchill] a scriosadh, cuirfear an chainníocht sin san áireamh i dtaca lena ghealltanas a bheith á chomhlíonadh ag an mBallstát de bhun Airteagal 4 den Rialachán seo.

2. Sa mhéid gur mó na haistrithe iomlána ná na hastaíochtaí i mBallstát agus tar éis aon chainníocht arna gcur san áireamh faoi Airteagal 7 den Rialachán [maidir le Comhroinnt Díchill], féadfaidh an Ballstát sin an chainníocht atá fágtha a aistriú chuig Ballstát eile. Cuirfear an chainníocht arna haistriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar a ghealltanas a bheith á chomhlíonadh ag an mBallstát a fhaigheann í de bhun Airteagal 4 den Rialachán seo.

3. Sa mhéid gur mó na haistrithe iomlána ná na hastaíochtaí i mBallstát sa tréimhse ó 2021 go 2025, agus tar éis aon chainníocht arna gcur san áireamh faoi Airteagal 7 den Rialachán [maidir le Comhroinnt Díchill] […] a dhealú nó arna haistriú chuig Ballstát eile de bhun mhír 2 den Airteagal seo, féadfaidh an Ballstát sin taisce a dhéanamh de chainníocht atá fágtha don tréimhse ó 2026 go 2030.

[18] Mír aistrithe ó Airteagal 11(5).

4. Chun an t-áireamh dúbailte a sheachaint, déanfar cainníocht na nglan-aistrithe arna gcur san áireamh faoi Airteagal 7 den Rialachán [maidir le Comhroinnt Díchill] […] a dhealú ón gcainníocht atá ar fáil ag an mBallstát sin le haistriú chuig Ballstát eile nó le taisce a dhéanamh de bhun mhír 2 agus mhír 3 den Airteagal seo.

5. […]

*Airteagal 11a*

Solúbthacht maidir le talamh foraoise bainistithe

1. I gcás gur mó na hastaíochtaí iomlána ná na haistrithe i mBallstát sna catagóirí cuntasaíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2, a dtugtar cuntas orthu i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfaidh an Ballstát sin leas a bhaint as an tsolúbthacht maidir le talamh foraoise bainistithe chun Airteagal 4 a chomhlíonadh.

2. I gcás inar toradh dearfach a bheidh ar an ríomh dá dtagraítear in Airteagal 8(1), beidh an Ballstát lena mbaineann i dteideal na hastaíochtaí sin a chúiteamh ar an gcoinníoll:

   a) gur chuimsigh an Ballstát bearta nithiúla, atá á ndéanamh faoi láthair nó atá beartaithe, ina straitéis fhadtéarmach maidir le hastaíochtaí ísle, a thíolactar i gcomhréir le [hAirteagal 14] de Rialachán [AE xxxx[19]], chun a áirithiú go gcaomhnófar nó go bhfeabhsófar, mar is iomchuí, na linnte agus na humair foraoise ar a dhéanaí faoi 2050, agus

   b) nach mó na hastaíochtaí iomlána laistigh den Aontas ná na haistrithe sna catagóirí cuntasaíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2 don tréimhse a bhfuil sé ar intinn ag an mBallstát an cúiteamh a úsáid ina leith. Agus measúnú a dhéanamh aige ar cibé acu an mó na hastaíochtaí iomlána laistigh den Aontas ná na haistrithe, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar an t-áireamh dúbailte a sheachaint.

[19] Cuir isteach an tagairt don Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus Gníomhú ar son na hAeráide].

3. [...] Beidh feidhm acu seo a leanas i gcás an méid cúitimh:

a) Ní fhéadfaidh an Ballstát lena mbaineann cúiteamh a dhéanamh ach amháin i gcás linne ar a dtugtar cuntas mar astaíochtaí in aghaidh a Leibhéil Tagartha Foraoise; agus

b) suas go dtí an méid uasta cúitimh don Bhallstát sin a leagtar amach in Iarscríbhinn VII don tréimhse ó 2021 go 2030 agus go dtí an méid sin amháin. […]

*Airteagal 12*

**Comhlíonadh a sheiceáil**

1. […] Faoin 15 Márta 2027 agus faoin 15 Márta 2032, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil maidir le comhlíonadh faoi bhráid an Choimisiúin ina mbeidh an méid seo a leanas:

(a) iarmhéid na n-astaíochtaí […] agus na n-aistrithe iomlána […] don tréimhse ó 2021 go 2025 […] agus ó 2026 go 2030, faoi seach, i ngach ceann de na catagóirí cuntasaíochta talún a shonraítear in Airteagal 2, agus úsáid á baint as na rialacha cuntasaíochta a leagtar síos sa Rialachán seo; agus

(b) i gcás inarb iomchuí, sonraí faoin rún atá ann na solúbthachtaí agus na méideanna gaolmhara a úsáid.

2. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach ar na tuarascálacha ar chomhlíonadh chun críocha measúnaithe ar chomhlíonadh le hAirteagal 4.

2a. Tuairisceoidh an Coimisiún in 2027, don tréimhse ó 2021 go 2025, agus in 2032, don tréimhse 2026 go 2030, ar astaíochtaí agus aistrithe iomlána gás ceaptha teasa an Aontais i gcás gach ceann de na catagóirí cuntasaíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2 arna ríomh mar astaíochtaí agus aistrithe tuairiscithe iomlána don tréimhse lúide an luach a fhaightear trí astaíochtaí agus aistrithe tuairiscithe bliantúla an Aontais ar an meán sa tréimhse 2000 go 2009 a iolrú faoi a cúig.

3. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil cúnamh don Choimisiún chun an creat maidir le faireachán agus comhlíonadh faoin Airteagal seo a chur chun feidhme, i gcomhréir lena chlár oibre bliantúil.

*Airteagal 13*

**Clárlann**

1. [...] Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 14 den Rialachán seo chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun taifead a choinneáil ar chainníocht na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe do gach catagóir cuntasaíochta talún i ngach Ballstát agus áiritheoidh sé go dtabharfar cuntas cruinn agus an tsolúbthacht á feidhmiú de bhun Airteagal 11 agus 11a den Rialachán seo tríd an gClárlann Aontais a bunaíodh de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013.

1a. Déanfaidh an Riarthóir Lárnach seiceáil uathoibrithe ar gach idirbheart faoin Rialachán seo agus, más gá, cuirfidh sé cosc ar idirbhearta chun a áirithiú nach mbíonn aon neamhrialtachtaí ann. […]

2. […] Beidh rochtain ag an bpobal ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 1a.

*Airteagal 14*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo a thugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 3(2), 5(6), […] 10(3) agus 13(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ó [an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse. […]

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagail 3(2), 5(6), **[…]** 10(3) agus 13(1) a chúlghairm aon tráth. I gcás cinnidh maidir le [...] cúlghairm, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. Roimh ghníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr […].

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

6. Maidir le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun […] Airteagail 3(2), 5(6), […] 10(3) agus 13(1), ní thiocfaidh sé i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

### *Airteagal 14a*

### Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh an Coiste um an Athrú Aeráide, arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 525/2013, cúnamh don Coimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás nach dtugann an coiste tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 15*

**Athbhreithniú**

1. Leanfar d'athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha an Rialacháin seo […], agus an t-athrú a thagann ar imthosca, forbairtí idirnáisiúnta agus na hiarrachtaí a dhéantar le cuspóirí fadtéarmacha Chomhaontú Pháras á gcur san áireamh, inter alia.

2. Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle […] laistigh de shé mhí tar éis gach stocáireamh domhanda a comhaontaíodh faoi Airteagal 14 de Chomhaontú Pháras maidir le feidhmiú an Rialacháin seo, maidir leis an méid atá sé a chur le gnóthú sprioc fhoriomlán an Aontais […] maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 2030 agus maidir leis an méid atá sé a chur le gnóthú spriocanna Chomhaontú Pháras, go háirithe maidir leis an ngá atá le beartais bhreise agus bearta breise ón Aontas mar thoradh ar na laghduithe nach mór don Aontas agus dá Bhallstáit déanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus féadfaidh sé moltaí a dhéanamh más iomchuí.

*Airteagal 16*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 525/2013**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 […] mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 7(1) mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an pointe […] seo a leanas:

"(da) […] ó 2023 amach, a n-astaíochtaí agus a n-aistrithe arna gcumhdach faoi Airteagal 2 de Rialachán [LULUCF] […] i gcomhréir leis na modheolaíochtaí a shonraítear in Iarscríbhinn IIIa a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

"Féadfaidh Ballstát maolú ó phointe (da) den chéad fhomhír a iarraidh chun modheolaíocht eile seachas an ceann a shonraítear in Iarscríbhinn IIIa a chur i bhfeidhm más rud é nach bhféadfaí an feabhas ar an modheolaíocht atá de dhíth a bhaint amach in am chun an feabhsú a chur san áireamh sna fardail ar gháis cheaptha teasa den tréimhse ó 2021 go 2030, nó más rud é go mbeadh costas díréireach ard ag baint leis an bhfeabhsú ar an modheolaíocht i gcomparáid le modheolaíocht den sórt sin a chur i bhfeidhm chun an cuntas a thugtar ar astaíochtaí agus ar aistrithe a fheabhsú i ngeall ar an tábhacht íseal atá ag na hastaíochtaí agus aistrithe ó na linnte carbóin lena mbaineann. Cuirfidh Ballstáit ar mian leo leas a bhaint as an maolú iarraidh reasúnaithe faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2020, ina dtabharfar an amlíne le fios don uair a bhféadfaidh an feabhas ar an modheolaíocht agus/nó an mhodheolaíocht mhalartach atá beartaithe a chur chun feidhme, maille le measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith i gceist i dtaca le cruinneas na cuntasaíochta. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh go gcuirfí faisnéis bhreise faoina bhráid laistigh de thréimhse ama réasúnta a shonrófar. I gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil bonn cirt leis an iarraidh, deonóidh sé an maolú. Má dhiúltaítear don iarraidh, tabharfaidh an Coimisiún na cúiseanna a bhí lena chinneadh."

(2) Cuirtear an pointe […] seo a leanas le hAirteagal 13(1)(c):

"(ix) ó […] 2023 amach, faisnéis faoi bheartais náisiúnta agus faoi bhearta náisiúnta a cuireadh chun feidhme chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Rialachán [LULUCF] agus faisnéis faoi bheartais náisiúnta bhreise atá pleanáilte agus bearta atá beartaithe d'fhonn astaíochtaí gás ceaptha teasa a theorannú, nó linnte a fheabhsú, sa bhreis ar a ngealltanais de réir an Rialacháin sin."

(3) In Airteagal 14(1), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

"(bb) ó […] 2023 amach, réamh-mheastacháin ar gháis cheaptha teasa iomlána agus meastacháin ar leithligh do na hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa atá réamh-mheasta a chumhdaítear faoi Rialachán [LULUCF]",

(4) Cuirtear isteach an Iarscríbhinn IIIa seo a leanas:

"Iarscríbhinn IIIa

Modheolaíochtaí don fhaireachán agus don tuairisciú dá dtagraítear i bpointe (da) d'Airteagal 7(1)

Cur chuige 3: Sonraí ar thiontuithe talamhúsáide bunaithe ar thíreolaíocht i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa.

Modheolaíochtaí Leibhéal 1 [...] i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa.

I gcás astaíochtaí agus aistrithe do linn charbóin arb ionann í agus 25-30 % ar a laghad d'astaíochtaí nó d'aistrithe i bhfoinse nó i gcatagóir linnte a dtugtar tosaíocht di laistigh de chóras náisiúnta fardail de chuid Ballstáit toisc go bhfuil tionchar suntasach ag an meastachán a dhéantar uirthi ar fhardal iomlán tíre de gháis cheaptha teasa i dtéarmaí dearbh-leibhéal astaíochtaí agus aistrithe, an treocht maidir le hastaíochtaí nó le haistrithe, nó an neamhchinnteacht sna hastaíochtaí agus sna haistrithe sna catagóirí talamhúsáide, modheolaíocht Leibhéal 2 ar a laghad […] i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa.

Moltar do na Ballstáit modheolaíochtaí Leibhéal 3 [...] a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le Treoirlínte 2006 IPCC d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa. "

*Airteagal 16a*

Leasú ar Chinneadh (AE) Uimh. 529/2013

I gCinneadh Uimh. 529/2013/AE, scriostar an chéad fhomhír d'Airteagal 3(2) agus d'Airteagal 6(4).

*Airteagal 17*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

**Iarscríbhinn I: Gáis cheaptha teasa agus linnte carbóin**

A. Gáis cheaptha teasa de bhun Airteagal 2:

(a) dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$);

(b) meatán ($CH_4$);

(c) ocsaíd nítriúil ($N_2O$)

arna sloinneadh i dtéarmaí coibhéise tonaí $CO_2$ cinntithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 525/2013.

B. Linnte carbóin de bhun Airteagal 5(4):

(a) bithmhais os cionn na talún;

(b) bithmhais faoin talamh;

(c) bruscar;

(d) brosna;

(e) carbón orgánach ithreach;

(f) le haghaidh talamh foraoisithe agus talamh foraoise bainistithe: táirgí adhmaid lománaithe.

**Iarscríbhinn II: Íosluachanna le haghaidh mhéid an limistéir, cumhdach mhullaí na gcrann agus airde crann […]**

| **Íosluachanna le haghaidh mhéid an limistéir, cumhdach mhullaí na gcrann agus airde crann** | | | |
|---|---|---|---|
| **An Ballstát** | **Limistéar (ha)** | **Cumhdach Mullaí Crann (%)** | **Airde Crann (m)** |
| An Bheilg | 0,5 | 20 | 5 |
| An Bhulgáir | 0,1 | 10 | 5 |
| An Chróit | 0,1 | 10 | 2 |
| Poblacht na Seice | 0,05 | 30 | 2 |
| An Danmhairg | 0,5 | 10 | 5 |
| An Ghearmáin | 0,1 | 10 | 5 |
| An Eastóin | 0,5 | 30 | 2 |
| Éire | 0,1 | 20 | 5 |
| An Ghréig | 0,3 | 25 | 2 |
| An Spáinn | 1,0 | 20 | 3 |
| An Fhrainc | 0,5 | 10 | 5 |
| An Iodáil | 0,5 | 10 | 5 |
| An Chipir | 0,3 | 10 | 5 |
| An Laitvia | 0,1 | 20 | 5 |
| An Liotuáin | 0,1 | 30 | 5 |
| Lucsamburg | 0,5 | 10 | 5 |
| An Ungáir | 0,5 | 30 | 5 |
| Málta | 1,0 | 30 | 5 |
| An Ísiltír | 0,5 | 20 | 5 |
| An Ostair | 0,05 | 30 | 2 |
| An Pholainn | 0,1 | 10 | 2 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Phortaingéil | 1,0 | 10 | 5 |
| An Rómáin | 0,25 | 10 | 5 |
| An tSlóivéin | 0,25 | 30 | 2 |
| An tSlóvaic | 0,3 | 20 | 5 |
| An Fhionlainn | 0,5 | 10 | 5 |
| An tSualainn | 0,5 | 10 | 5 |
| An Ríocht Aontaithe | 0,1 | 20 | 2 |

[…]

**Iarscríbhinn III:** Na bonnbhlianta chun an uasteorainn de bhun Airteagal 8(2) a ríomh[20]

| **An Ballstát** | **Bonnbhliain** |
|---|---|
| An Bheilg | 1990 |
| An Bhulgáir | 1988 |
| An Chróit | 1990 |
| Poblacht na Seice | 1990 |
| An Danmhairg | 1990 |
| An Ghearmáin | 1990 |
| An Eastóin | 1990 |
| Éire | 1990 |
| An Ghréig | 1990 |
| An Spáinn | 1990 |
| An Fhrainc | 1990 |
| An Iodáil | 1990 |
| An Chipir | 1990 |
| An Laitvia | 1990 |
| An Liotuáin | 1990 |
| Lucsamburg | 1990 |
| An Ungáir | 1985-87 |
| Málta | 1990 |
| An Ísiltír | 1990 |
| An Ostair | 1990 |
| An Pholainn | 1988 |

20 Meastar go scriosfar Iarscríbhinn III mar gheall ar rogha mhalartach uasteorann a bhunaítear ar limistéar foraoise mar a leagtar amach in Airteagal 8(2).

| | |
|---|---|
| An Phortaingéil | 1990 |
| An Rómáin | 1989 |
| An tSlóivéin | 1986 |
| An tSlóvaic | 1990 |
| An Fhionlainn | 1990 |
| An tSualainn | 1990 |
| An Ríocht Aontaithe | 1990 |

[…]

**Iarscríbhinn IV: Tuarascáil […] chuntasaíochta maidir le foraoiseacht náisiúnta ina bhfuil leibhéal tagartha nuashonraithe foraoisí Ballstáit**

A. Citéir agus treoir lena gcinntear na leibhéil tagartha foraoise

Déanfar leibhéil tagartha foraoise Ballstáit a chinneadh i gcomhréir leis na critéir seo a leanas:

(a) Beidh na leibhéil tagartha ag teacht leis an sprioc atá ann cothromaíocht a bhaint amach sa dara leath den chéad seo idir astaíochtaí antrapaigineacha ag foinsí agus gáis cheaptha teasa a aistriú trí linnte, lena n-áirítear maidir le feabhas a chur ar aistrithe féideartha na stoc foraoise atá ag dul in aois agus a bhféadfadh meath teacht orthu de réir a chéile mura ndéanfaí amhlaidh;

(b) Leis na leibhéil tagartha, áiritheofar nach gcuirtear san áireamh sa phróiseas cuntasaíochta stoic charbóin a bheith ann;

(c) I ngeall ar na leibhéil tagartha, ba cheart go n-áiritheofaí go bhfuil próiseas cuntasaíochta ann atá daingean agus inchreidte lena ráthú go ndéantar tuairisc iomchuí ar astaíochtaí agus ar aistrithe mar thoradh ar úsáid bhithmhaise;

(d) Sna leibhéil tagartha, áireofar linn charbóin na dtáirgí adhmaid lománaithe agus, dá bharr sin, féadfar comparáid a dhéanamh idir ghlacadh leis an hipitéis den ocsaídiú ar an toirt agus chur i bhfeidhm na feidhme lobhadh chéad ord agus luachanna leathshaoil;

(e) Ba cheart do leibhéil tagartha […] a bheith comhsheasmhach leis an sprioc maidir le cuidiú leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmhainní nádúrtha, mar a leagtar amach i Straitéis Foraoise an Aontais, i mbeartais náisiúnta foraoiseachta na mBallstát, agus i Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais;

(ea) **Ba cheart aird a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, leis na leibhéil tagartha, ar áitiú críche agus ar imthosca cogaidh agus iarchogaidh a imríonn tionchar ar an mbainistiú foraoise i rith na tréimhse tagartha;**

(f) Beidh na leibhéil tagartha ag teacht leis na réamh-mheastacháin náisiúnta ar astaíochtaí gás ceaptha teasa antrapaigineacha ag foinsí agus aistriú trí linnte tuairiscithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 525/2013;

(g) Beidh na leibhéil tagartha ag teacht le fardail náisiúnta ghás ceaptha teasa agus le sonraí stairiúla ábhartha agus beidh siad bunaithe ar fhaisnéis atá trédhearcach, iomlán, comhsheasmhach, inchomparáide agus cruinn. Go sonrach, beifear in ann an tsamhail a úsáidtear chun an leibhéal tagartha a chur ar bun a úsáid chun sonraí stairiúla a ghiniúint ón bhfardal náisiúnta gás ceaptha teasa.

[…]

[…] B. Eilimintí den […] tuarascáil chuntasaíochta maidir le foraoiseacht náisiúnta

Beidh na heilimintí seo a leanas sa […] tuarascáil chuntasaíochta maidir le foraoiseacht náisiúnta a thíolactar de bhun Airteagal 8 den Rialachán seo:

(a) Tuairisc ghinearálta ar chur ar bun an leibhéil tagartha agus tuairisc ar an gcaoi ar cuireadh san áireamh na critéir sa Rialachán seo;

(b) Liosta de na linnte carbóin agus na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a cuireadh san áireamh sa leibhéal tagartha agus na fáthanna ar fágadh linn charbóin ar lár ón leibhéal tagartha agus é á chur ar bun mar aon le léiriú ar an gcomhsheasmhacht idir na linnte a áirítear sa leibhéal tagartha;

(c) Tuairisc ar an gcur chuige, ar na modhanna agus ar na samhlacha, lena n-áirítear faisnéis chainníochtúil, a úsáidtear chun an leibhéal tagartha a chur ar bun agus atá comhsheasmhach leis an tuarascáil náisiúnta fardail agus an fhaisnéis dhoiciméadach is déanaí a thíolacadh maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoise ó thaobh cleachtas agus déine de agus beartais náisiúnta arna nglacadh;

[…]

(d) Faisnéis maidir leis an gcaoi a bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh forbairt ar rátaí saothraithe foraoise faoi chásanna éagsúla beartais;

(e) Tuairisc ar an gcaoi a ndearnadh gach ceann de na heilimintí seo a leanas a mheas agus an leibhéal tagartha á chur ar bun:

(1) An limistéar faoi bhainistiú foraoise;

(2) Astaíochtaí agus aistrithe ó fhoraoisí agus ó tháirgí adhmaid lománaithe a léirítear i bhfardail ghás ceaptha teasa agus sonraí stairiúla ábhartha,

(3) Saintréithe foraoise, lena n-áirítear […] tréithe dinimiciúla foraoisí a bhaineann le haois, incrimintí, fad uainíochta agus aon fhaisnéis eile maidir le gníomhaíochtaí bainistithe foraoise faoi 'an scéal a fhágáil mar atá';

(4) Rátaí saothraithe stairiúla agus todhchaí imdhealaithe idir úsáidí fuinnimh agus úsáidí neamhfhuinnimh.

**Iarscríbhinn V: Feidhm lobhadh chéad ord agus luachanna leathshaoil mainneachtana le haghaidh táirgí adhmaid lománaithe**

Ceisteanna modheolaíocha

– Mura féidir táirgí adhmaid lománaithe ó thalamh foraoisithe a idirdhealú ó tháirgí adhmaid lománaithe ó thalamh foraoise bainistithe, féadfaidh Ballstát roghnú glacadh leis gur ar thalamh foraoise bainistithe a tharla na hastaíochtaí agus na haistrithe ar fad agus na táirgí adhmaid lománaithe a áireamh sna cuntais.

– Is ar bhonn ocsaídiú ar an toirt a dhéanfar cuntas ar tháirgí adhmaid lománaithe i láithreán le haghaidh diúscairt dramhaíola soladaí agus ar tháirgí adhmaid lománaithe a ndearnadh iad a lománú chun críocha fuinnimh.

– Ní thugann an Ballstát allmhairithe cuntas ar tháirgí adhmaid lománaithe allmhairithe, is cuma faoina n-áit tionscnaimh ("cur chuige an táirgthe").

– Maidir le táirgí adhmaid lománaithe onnmhairithe, baineann sonraí atá sonrach do thír faoi leith le luachanna leathshaoil atá sonrach do thír faoi leith agus leis an úsáid a bhaintear as táirgí adhmaid lománaithe sa tír a allmhairíonn.

– I gcás luachanna leathshaoil atá sonrach do thír faoi leith maidir le táirgí adhmaid lománaithe a chuirtear ar an margadh san Aontas níor cheart go mbeadh aon difear idir iad agus na luachanna leathshaoil atá in úsáid ag an mBallstát allmhairithe.

– Féadfaidh na Ballstáit, chun críocha faisnéise amháin, sonraí a sholáthar ina gcuid aighneachtaí maidir le cionroinnt an adhmaid as ar baineadh úsáid chun críocha fuinnimh agus a onnmharaíodh ó áit lasmuigh den Aontas, mar aon le sonraí maidir le tíortha tionscnaimh adhmaid den sórt sin.

Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as modheolaíochtaí agus as luachanna leathshaoil atá sonrach do thír ar leith in ionad na modheolaíochtaí agus na luachanna leathshaoil mainneachtana a shonraítear san Iarscríbhinn seo ar an gcoinníoll go gcinnfear na modheolaíochtaí agus na luachanna sin ar bhonn sonraí atá trédhearcach agus infhíoraithe agus ar an gcoinníoll go mbeidh na modhanna a mbaintear úsáid astu chomh sonrach ar a laghad agus chomh beacht ar a laghad is atá iad siúd a shonraítear san Iarscríbhinn seo.

An fheidhm lobhadh chéad ord, arna tuairisciú sa Treoir IPCC is déanaí, ag tosnú le i = 1900 agus ag dul ar aghaidh go dtí an bhliain reatha.

[…]

Na luachanna leathshaoil mainneachtana:

Ciallaíonn 'luach leathbhliana' líon na mblianta a thógtar chun méid an charbóin atá stóráilte i gcatagóir táirgí adhmaid lománaithe a laghdú go dtí leath dá luach tosaigh. Na luachanna leathshaoil mainneachtana (HL):

(a) 2 bhliain do pháipéar
(b) 25 bliana do phainéil adhmaid
(c) 35 bliana d'adhmad sáfa.

Féadfaidh na Ballstáit cur leis na catagóirí sin le faisnéis maidir le coirt, ar choinníoll go mbeidh na sonraí a bheidh ar fáil trédhearcach agus infhíoraithe. Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint freisin as ceann ar bith de na catagóirí sin ar fochatagóirí iad atá sonrach do thír faoi leith.

**Iarscríbhinn VI: Leibhéil chúlra i gcás suaitheadh nádúrtha a ríomh**

1. Maidir le ríomh an leibhéil chúlra, soláthrófar an fhaisnéis seo a leanas:

(a) leibhéil stairiúla astaíochtaí mar thoradh ar shuaitheadh nádúrtha;

(b) cineál(acha) an tsuaite nádúrtha a áirítear sa mheastachán;

(c) meastacháin ar astaíochtaí iomlána bliantúla maidir leis na cineálacha sin de shuaitheadh nádúrtha don tréimhse 2001-2020, agus iad liostaithe de réir catagóirí cuntasaíochta talún;

(d) comhsheasmhacht amshraitheanna a léiriú sna paraiméadair uile ábhartha, lena n-airítear íosachar, modheolaíochtaí chun astaíochtaí a mheas, cumhdach na linnte agus gás.

2. Déantar an leibhéal cúlra a ríomh mar mheán na hamshraithe 1997-2016 ach gan na blianta ina ndearnadh leibhéil mhínormálta astaíochtaí a thaifeadadh a chur san áireamh, i.e. na hasluitigh uile staidrimh. Déanfar na hasluitigh staidrimh a shainaithint mar seo a leanas:

(a) déan an luach meánach uimhríochta agus diall caighdeánach na hamshraithe iomláine 1997-2016 a ríomh;

(b) ná cuir san áireamh san amshraith na blianta uile a bhfuil na hastaíochtaí bliantúla maidir leo lasmuigh de dhá oiread dhiall caighdeánach an mheáin;

(c) déan ríomh arís ar an luach meánach uimhríochta agus ar dhiall caighdeánach na hamshraithe iomláine 1997-2016, lúide na blianta nár cuireadh san áireamh in (b);

(d) déan (b) agus (c) arís go dtí nach féidir aon asluitigh a shainaithint.

3. Tar éis an leibhéal cúlra a ríomh de bhun phointe 2 den Iarscríbhinn seo, má sháraíonn na hastaíochtaí i mbliain ar leith sna tréimhsí ó 2021 go 2025 agus ó 2026 go 2030 an leibhéal cúlra móide corrlach, féadfaidh méid na n-astaíochtaí a sháraíonn an leibhéal cúlra a chur as an áireamh i gcomhréir le hAirteagal 10. Beidh an corrlach cothrom le leibhéal dóchúlachta 95 %.

4. Is gá na hastaíochtaí seo a leanas a chur san áireamh:

(a) astaíochtaí a bhí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí saothraithe foraoise agus ar ghníomhaíochtaí lománaíochta tarrthála a rinneadh ar na tailte sin tar éis don suaitheadh nádúrtha tarlú;

(b) astaíochtaí a bhí mar thoradh ar loscadh forordaithe a rinneadh ar na tailte sin sa bhliain ar leith sin den tréimhse 2021 go 2025 nó ó 2026 go 2030;

(c) astaíochtaí ar thailte a bhí faoi réir dífhoraoisithe tar éis don suaitheadh nádúrtha tarlú.

5. I measc na gceanglas faisnéise de bhun Airteagal 10(2) áirítear iad seo a leanas:

(a) sainaithint a dhéanamh ar na limistéir uile talún a raibh éifeacht orthu ag suaitheadh nádúrtha sa bhliain áirithe sin, lena n-áirítear suíomh geografach na limistéar sin, an tréimhse inar tharla an suaitheadh nádúrtha agus an cineál suaite a bhí ann;

(b) fianaise nach ndearnadh aon dhífhoraoisiú le linn an chuid eile den tréimhse ó 2021 go 2025 nó ó 2026 go 2030 ar thailte a raibh éifeacht orthu ag suaitheadh nádúrtha agus nár cuireadh astaíochtaí san áireamh sa chuntasaíocht;

(c) tuairisc ar na modhanna infhíoraithe agus ar na critéir a mbainfear úsáid astu chun dífhoraoisiú ar na tailte sin a shainaithint sna blianta i ndiaidh na dtréimhsí ó 2021 go 2025 nó ó 2026 go 2030;

(d) i gcás inar féidir sin a dhéanamh tuairisc ar na bearta a rinne an Ballstát chun éifeacht an tsuaite nádúrtha sin a chosc nó a theorannú;

(e) i gcás inar féidir sin a dhéanamh tuairisc ar na bearta a rinne an Ballstát chun na tailte a raibh éifeacht ag an suaitheadh nádúrtha sin orthu a athshlánú.

**Iarscríbhinn VII: Méid uasta an chúitimh atá ar fáil faoin tsolúbthacht talún foraoise bainistithe dá dtagraítear in Airteagal 11a(3)(a)**

| An Ballstát | An mheánlinn foraoise tuairiscithe 2000-2009 i gcoibhéis milliún tona CO2 in aghaidh na bliana | Teorainn an chúitimh arna shloinneadh i gcoibhéis milliún tona CO2 don tréimhse 2021-2030 |
|---|---|---|
| An Ostair | -5,34 | -17,1 |
| An Bheilg | -3,61 | -2,2 |
| An Bhulgáir | -9,31 | -5,6 |
| Poblacht na Seice | -5,14 | -3,1 |
| An Chipir | -0,15 | -0,03 |
| An Ghearmáin | -45,94 | -27,6 |
| An Danmhairg | -0,56 | -0,1 |
| An Eastóin | -3,07 | -9,8 |
| An Ghréig | -1,75 | -1,0 |
| An Spáinn | -26,51 | -15,9 |
| An Fhionlainn | -36,79 | -44,1 |
| An Fhrainc | -51,23 | -61,5 |
| An Chróit | -8,04 | -9,6 |
| An Ungáir | -1,58 | -0,9 |
| Éire | -0,85 | -0,2 |
| An Iodáil | -24,17 | -14,5 |
| An Liotuáin | -5,71 | -3,4 |
| Lucsamburg | -0,49 | -0,3 |
| An Laitvia | -8,01 | -25,6 |
| Málta | 0,00 | 0,0 |
| An Ísiltír | -1,72 | -0,3 |
| An Pholainn | -37,50 | -22,5 |
| An Phortaingéil | -5,13 | -6,2 |
| An Rómáin | -22,34 | -13,4 |
| An tSualainn | -39,55 | -47,5 |
| An tSlóvaic | -5,42 | -6,5 |
| An tSlóivéin | -5,38 | -17,2 |
| An Ríocht Aontaithe | -16,37 | -3,3 |